

# Comharchumann Dhún Chaoin
# Nuachtlitir 3

*Ceathrú an Fheirtéaraigh, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí*
*V92V622*
*comharchumanndhunchaoin@gmail.com*



Chuireamar tús maith leis an mbliain le ***Ceiliúradh Naomh Gobnait.*** Thosnaíomar le Aifreann sa tSáipéal. Bheannaigh an tAthair Eoghan Ó Cadhla íocón úr nua den Naomh agus bhí a mhacasamhail ar thosach an leabhrán iomainn a d'fhoilsigh an Comhar-chumann don ócáid. Bhí cur síos a thóg Rúth Uí Ógáin ó Bhab Feiritéar ar stair an Turais sa leabhrán, chomh maith le dán aoibhinn le Domhnall Mac Síthigh, *Gobnait na Cille*. Chun ná raghadh daoine amú agus iad ag tabhairt an turais bhí treoracha ar a chúl. Thug scannán beag le Seán Mac an tSíthigh, a bhí ar siúl san Ionad, tuiscint níos fearr fós do dhaoine ar an dTuras agus chuir ceol agus amhráin leanaí na scoile go mór leis an ócaid.





Ba bheag a shíl éinne go mbeadh *'an diabhal déanta agus an baile dóite'* roimh dheireadh na míosa. Óna ceathair a chlog ar an 28ú Feabhra go maidin lá arna mhárach nuair a d'éirigh le lucht dóiteain é a chur fé smacht, bhí Cruach Mhárthain fé bhladhm lasrach. Bhí sé chomh dubh leis an súth fé mhaidean agus gan aon ní beo fanta air. Bhí seans le muintir an Ghleanna Mhóir na cosa a thabhairt leo.



Fén am is gur tháinig ***Lá 'le Pádraig*** áfach, bhí daoine tagtha chucu féin arís agus ghlacadar páirt le fonn i bParáid Lá 'le Pádraig an Bhuailtín. Go luath ar maidin chonacthas Christy Mac Gearailt ag tabhairt fén mbóthar ó thuaidh agus naomhóg a bhí feistithe le balúin ar dhathanna na hÉireann á tharrac ina dhiaidh aige, ullamh i gcomhair an lae. *Buíochas le Ruth Uí Ógáin as na grianghraif.*


















*Cliceáil ar Pheig— Nasc chuig fís nuachta Sheáin Mhic an tSíthigh, Nuacht TG4*




Ócáid shuaithinseach eile ab ea ***Comóradh Choisreacan na hÉireann don gCroí Ró-Naofa Íosa, 1873***. Bhí Ceiliúradh sa tSáipéal ar an 29ú Márta, an lá céanna is a baisteadh Peig Sayers 150 ó shin. Bhí sé beartaithe go leagfadh roinnt dá daoine muinteartha i.e. Caitlín, Lís agus Áine bláthanna an Aifrinn ar a huaigh i dteannta leanaí na scoile ach ní mar a shíltear a bítear. De bharr na drochaimsire bhí ar Mhalachaí Mac Amhlaoibh, príomhoide na scoile na leanaí a thabhairt 'on Teampall an tráthnóna roim ré. Chuaigh Seán Mac an tSíthigh 'na dteannta agus chonacthas ar an dteilifís iad an lá dar gcionn ag amhrán taobh na huaighe. É sin ráite, d'ainneoin na tulcaí báistí, leag Gerry Ó Curráin gurb í Peig Sayers a shín shean-aintín bláthanna ar an uaigh lá an Aifrinn. Taispeánadh 'Slán an Scéalaí' scannán le Breandán Feiritéar san Ionad i ndiaidh an Aifrinn agus bhí ceol & craic i dTigh Khrúgair ina dhiaidh san arís.



Mar thoradh ar éileamh cuireadh tús le ***Maidin Chaifé*** i dTigh Khrúgair ach de bharr na n-athchóirithe caitheadh é a chur ar athló. Daoine go raibh fonn orthu a gcuid Gaolainne a chleachtadh agus daoine le Gaolainn ná raibh uathu ach cuileachta is mó go raibh spéis acu ann. Tabharfar fé aríst tréis na Cásca.






Tá dea-scéala againn fén Láthair Seoigh nua aníos ó Ionad an Bhlascaoid agus is gearr ná go mbeimid ag cur tús lenár bhfeachtas bailithe airgid go hoifigiúil. Idir an dá linn beidh ***'Ride Dingle'*** ag gabháil tríd an bparóiste go luath maidin Dé Sathairn, 7:30 go 11:00 r.n. ar an 15ú Aibreán agus tá siad sásta roinnt airgid a thabhairt dúinn má chabhraíonn seachtar leo maoirseacht a dhéanamh ar sheacht gcrosaire idir Dhún Chaoin agus Gallaras.

**An bhfuileann tú ar fáil?** Má tá labhair le duine den gCoiste. Bailíonn brobh beart!

***Feachtas Bailithe Brúscair***

Beimid ag glacadh páirt sa bhFeachtas Bailithe Brúscair Náisiúnta ar a 12 i.n. an lá céanna agus beidh cheithre ghrúpa ag bailiú ar fud an pharóiste fé mar a bhí anuraidh.



- ⇒ An Cheathrúin, Siúlóid na Cille agus Bóthar an Rí
- ⇒ Bóthar an Chéilleachair, Bóthar an tSáipéil agus Baile na Rátha
- ⇒ Bóthar an Chlasaigh agus Baile an Ghleanna
- ⇒ An Com, Bóthar an Dúdaigh agus Baile Ícín

Tá tús curtha cheana féin ag laocha na timpeallachta i.e. Fionnán Ó hÓgáin agus a fhoireann chúnta leis an mbailiúchán. Tá siad tréis trufais a bhí thíos ar an gCé leis na blianta a tharrac suas go barra na haille agus tá an Chomhairle Contae chun scip a chur ar fáil chun é a ardú as an áit.

Tabharfar fé Thráigh an Choma, Béal Átha agus an Ché arís ar **lá Domhanda an Aigéin**. Dáta le socrú.

## Ar na bioráin tá...



- ⇒ ***Athnuachan Shiúlóid na Cille.*** Ní fada go mbeidh comharthaí agus suíocháin nua le feiscint chomh maith le soláthar uisce ag caidéal na Ceathrún.

- ⇒ ***Cairt/Cearta agus pribhléidí sainmhínithe.*** Tá Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne curtha ar an eolas mar gheall ar an dtionchar atá ag imeachtaí turasóireachta ar an bparóiste. Beimid san áireamh!

- ⇒ Táimid fós ag fanacht le ***comharthaí nua*** ón gComhairle Contae a chuirfidh in iúl go bhfuil teorainn luais an pharóiste íslithe go hoifigiúil.



- ⇒ Táimid ag tnúth le ***deisiú na bhfallaí*** i gCarrchlós Chinn Sléibhe, ar bharra Thráigh an Choma agus ag Cé Dún Chaoin a fheiscint!

- ⇒ ***Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe*** (PFI/SEC). Is gearr go mbeidh dáta againn don seisiún eolais.



- ⇒ ***Cóisir an tSamhraidh*** **-** BBQ an pharóiste!!

*Cathaoirleach: Máire Uí Mhurchú • Leas-Chathaoirleach: Louise Nic Thomáis • Rúnaí: Bláithín Ní Ainín • Cisteoir: Caitlín Firtéar*
*Uimhir Chláraithe le hOifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO): 4935R*